

EOGHAN AN MUILLEOIR

Bhí rí in Éirinn fadó agus bhí inghean amháin aige. Bhí sí in a bean an-bhreagh. Bhí caisleán mór ag triúr fathach in aice le teach Eoghain. Bhíodar an-tsean. Dubhradar le chéile lá go ngabhfaidís agus go n-iarrfaidís inghean an rí seo le pósadh, ceann aca. Tháinig siad go dtí teach an rí agus d'iarradar an bhanrioghan air.

"Péber cé hagainn" ar siad-san, "a dtógfaidh tú spéis dó pósfaidh sé thú."

"Bhuel ní thógfaidh sé spéis do cheachtar agaibh" ar sise, "agus ní phósfaidh mé sibh."

"Mara bpósfaidh" arsa ceann aca, "cuirfimid draoidheacht ort."

Bhí abhainn mhór a' gul le hais caisleán a' rí.

"Cén draoidheacht a chuirfeas sibh orm?" ar sise.

"Déanfaimid easconn san abhainn díot" ar siadsan.

"Cáide bhéas mé im easconn?" ar sise.

"Béir" ar siadsan, "go bráthach go bhfagha tú fear a chuirfeas trí oidhche isteach ins a' gcaisleán ata againní taréis ár mbáis, agus má fhághair eireochaidh tú ó dhraoidheacht agus is leat féin agus leis n bhfear an caisleán chúns mhairfidh sibh."

Ní túsige a bhí sin ráidhte ná d'iompaigh sí ina heasconn agus chuaidh sí amach san abhainn. Chuir an rí goirm-sgoile amach ar fud an oileáin agus dubhairt sé leofa fear ar bith a bheadh i ndon an inghean a shábháil go dtiubhradh sé leath a ríoghamhlacht suas dófa. Bhí mórúaisle an oileáin fré chéile d'fhir mhaithe a' gul 'un a chaisleáin, caisleán na bhfathach, ach dheamhan fear a tháinig ar ais. Lá dá ndeacha Eoghan an Muilleoir amach a' tógáil a' damba a' cuir a mhuillinn ag obair, céard a d'fheicfeadh sé ach ach easconn mhór mhillteach ar chúlaí a' damba. Rith sé abhaile chomh luath agus chonaic sé í i gcoinne píosa iarainn go marbhuigheadh sé an easconn. Tháinig sé ar ais agus an píosa iarainn aige. Bhí na iarraidh tarraingthe aige le n-a bualadh.

"Ó Eoghain" adeir sí "ní mharbhócha tú mé."

"Is aisteach an rud" adeir Eoghan, "go bhfuil easconn i ndon cainnte liom."

"A Eoghain" adeir sí, "bíodh fhios a'd gur banrioghan óg mé atá faoi dhraoidheachta."

"Níl ní ar bith i ndon mé a thógáil uaidh mara bhfággha mé fear a chuirfeas trí oidhche isteach i gcaisleán na bhfathach agus má tá rud ar bith fággha de ar maidin tiocfaidh mise agus déanfaidh mé chomh slán folláin é agus bhí sé ariamh."

"Gabhfaidh mise ann" arsa Eoghan, "anocht."

"Beidh neart le n-ithe agus le n-ól a'd" adeir sise, " agus neart solais."

Nuair a fuair Eoghan an oidhche bhuail sé isteach i gcaisleán na bhfathach. Bhí bord maith leagtha roimhe, neart le n-ithe agus le n-ól, teine agus solas. Bhí an oidhche dá caitheamh agus ní raibh sórt fiafrúighe ar bith dá chur ar Eoghan.

“Dar fiadh” ar seisean, “gabhfaidh mise a chodladh dom féin” – chonnaic sé seomra a raibh leabaidh innte – “codlóchaidh mé go sásta innte go maidin.”

Ní i bhfad a bhí sé ina chodladh nuair a tháinig an triúr fathach isteach agus shuidheadar ag an teine.

“Bhfuil aon sgéal a’d” adeir ceann aca leis an gceann eile.

“Cén mhaith dom-sa a bheith ag innseacht sgéil agus gan fios a’m cé bheadh ag éisteacht liom.”

“Níl aonduine ag éisteacht linn” arsa an ceann eile, “nár mharbhuigheamar an fear a bhí ag éisteacht linn aréir.”

“Cuartóchaidh mise an teach” adeir an tríomhadh fathach. Chuaidh sé suas sa seomra agus cé a gheobhfadh sé sa leabaidh ach Eoghan an Muilleoir.

“Seo é Eoghan an Muilleoir” ar seisean.

“Caith anuas annseo againn é” ar siadsan.

Chaith sé anuas ar an urlár é. Thosuigh an triúr dá chiceáil ó choirnéal go coirnéal den teach. Bhí said dá chiceáil leofa ar feadh na hoidhche gur ghlaoidh an coileach agus d’imthigh siad annsin. Shíl siad go raibh sé marbh aca. Ní túisge a bhí siadsan imighthe nuair a tháinig an bhanríoghan óg agus d’fiafruigh sí dhe a’ raibh beochas ar bith ann.

“Tá ar éigean” ar seisean go lag.

“Maith an fear” ar sise, “má tá anáil ar bith ionnat tiubhra mise tríd thú.”

Bhí buidéal íocshláinte aice agus chuimil sí d’Eoghan é. Rinne sí chomh slán folláin é agus bhí sé ariamh.

“Maith an fear” ar sise, “a’ mbeadh sé de mhisneach a’d fanacht anocht ann?”

“M’anam go mbeidh” ar seisean.

Chuaidh sé ann an oidhche lá ar na bhárach ag an am céadna. Chuaidh se a chodladh aríst. Tháinig an triúr fathaigh isteach.

“A’ bhfuil aon sgéal anocht a’d?” arsa ceann aca.

“Cén chaoi a ngabhfaínn ag innseacht sgéil gan fios a’m cé tá ag éisteacht liom.”

“Mharbhuigh muid an muilleoir aréir” ar seisean, “ní fhéadfadh sé a bheith ann anocht.”

“Beidh fhios a’m-sa” ars an tríomhadh fear, ag eirighe ina sheasamh.

“Á há” adeir sé, “tá sé annseo” dá chaitheamh anuas ar an urlár aca. Péber ciceáil a fuair sean chéad oidhche fuair sé a sheacht n-oiread an dara hoidhche. Nuair a ghlaoidh an coileach b’éigean dófa imtheacht. Ní túisge a bhíodar amuich ná tháinig an bhanríoghan óg.

D'fíafraigh sí a' raibh aon bheochas ann. Thug sé dhá iarraidh ar a anáil a tharraingt sul dá raibh sé i ndon a freagairt.

"Maith a' fear" ar sise, ag cuimilt a buidéil íocshláinte de. Rinne sí chomh slán, chomh folláin é agus a bhí sé ariamh.

"Mbeadh sé de mhisneach a'd" ar sise, fanacht anocht ann, a Eoghain?" ar sise.

"M'anam go bhfanfad" adeir seisean.

Chuaidh sé ann an tríomhadh hoidhche. Ní i bhfad a bhí sé ina chodladh nuair a tháinig na fathaigh isteach.

"Tóruighidh" adeir ceann aca, "an mbeidh Eoghan istigh sul a suíghimuid síos."

Thóruigh agus fuair. Chaith sé anuas é. Bhíodar á chiceáil ariamh ar fud a' tighe gur dhubhradar leofa féin go raibh sé marbh. Chuireadar síos teine mhór annsin agus shuidheadar síos de chois na teineadh chúns bheadh an teine a' deargadh.

"Anois" ar siadsan, "nuair a bhéas an teine deargtha cuirfimid Eoghan ar chúlaí na teine agus déanfaimid luaithreamhán de. Rugadar air, tharraingídear amach an teine agus chuireadar ar chúlaí na teineadh é. Ní raibh ann ach go raibh sé ar chúlaí na teineadh nuair a ghlaoidh an coileach agus b'éigean dóibh imtheacht. Níl ann ach go raibh siadsan imighthe nuair a tháinig an bhanrioghan óg. Tharraing sí amach as an teine é. "Is dóchaidhe go bhfuil tú marbh Eoghain" ar sise.

Thug sé trí iarraidh ar a anáil a tharraingt sul dá raibh sé i ndon labhairt.

"Maith an fear" ar sis.'

Chuimil sí an buidéal íocshláinte de. Rinne sí chomh slán, folláin é agus a bhí sé oidhche ná lá ariamh.

Siubhail leat anois, a Eoghain" ar sis.'

Thug sí isteach i seomra é a bhí lán d'ór. Nuair a bhí sin feicthe aige thug sí isteach i seomra eile é a bhí lán d'airgead glas. Thug sí isteach i seomra eile é a bhí lán d'airgead ruadh.

"Anois a Eoghain" adeir sí, "cé haca sin a thóghas tú?

"Feicthear dhom" adeir sé, "nár mhór dom thú féin a fhághail, a fheabhas a shaothruigh mé thú i dtosach ar cheachtar aca."

"Is fíor sin" ar sise, ach ní fhéadfainn-se mé féin a thabhairt duit go n-iarrfá mé. Leat-sa agus liom-sa an caisleán seo anois an dá lá is mhairfeas muid" ar sise, "ach caithfidh mé a ghul a' cuairt ar m'athair sul dá bpóstar muid, go dtuga mé le n-innseacht dó go bhfuil mr tógtha ón draoidheachta. Ach bí a'm-sa insa leitheide de bhaile mór ag an dó dhéag insa lá agus pósfar muid agus beidh mé leat abhaile."

Bhí sean-chailleach ina comhnaidhe in aice le Eoghan a raibh inghean aice. Bhí sí a' ceapadh i gcomhnaidhe go bpósfadh Eoghan an inghean. An lá a bhí Eoghan le pósadh ghléas sé amach é féin 's a bhuachaill agus a bpéire capall. D'imthigh leofa an bóthar agus cé thiocfadh roimhe ach an chailleach.

"Ara a Eoghain" ar sise, "cá bhfuil tú a' gul chomh moch ar maidin?"

"Tá mé a gul go mo phósadh" ar seisean.

"Ó, pósadh!" ar sise. "Seo ubhall dhuit" ar sise. "B'fhéidir go dtiocfadh tart ort a' gul go dtí an baile mór agus bainfidh an t-ubhall an tart díot."

Nuair a bhí sé leath bealaigh chuir sé lámh in a phóca agus thóg sé aníos an t-ubhall agus bhain sé greim as. Thuit sé de chrap ina chodladh anuas ar an mbóthar. Thóg an buachaill é agus chinn sé air é a dhúiseacht. D'imthigh an buachaill ar a chapall. Níor stop sé go ndeacha sé isteach ag an mbaile mór. Chonnaic sé an bhean óg. D'fhiafrúigh sí dhe cé raibh Eoghan. D'innis sé duithe. Chuir sí lámh ina póca agus tharraing sí amach naipcín a raibh dath na gréine air agus thug sí dó é.

"Seo anois" adeir sí, "tabhair dhó é seo agus abair leis aire mhaith a thabhairt dhó agus bíodh sé annseo a'm-sa i mbárach ag a dó dhéag aríst."

Tháinig sé ar ais aríst go dtí Eoghan agus tháinigedar abhaile. Thug sé an filéad dó. Chuir sé i dtaisge é. Maidin lá ar na bháireach ghléas sé féin agus an buachaill suas aríst. Bhíodar a' déanamh ar a' mbaile mór. Bhí trifle easarlaidheacht ag an gcailligh. Casadh dó aríst í.

"Ní féidir gur pósadh aríst indiu é a Eoghain" ar sis'.

"M'anam muise gurbh eadh" ar seisean.

Tug sí ubhall eile dhó mar thug sí indé. Nuair a bhí sé leath bealaigh aríst bhain sé greim as an ubhall. Thuit sé ina chrap codlata anuas dá chapall. D'imthigh an buachaill. Níor stop sé go ndeacha sé isteach ag an mbaile mór. Casadh an bhanríoghan óg leis, cóiste agus cheithre cinn de chaiple aice. D'fhiafrúigh sí de cé raibh Eoghan agus d'innis sé duithe.

"Seo anois" ar sise, "filéad eile." Bhí sé seo ar dhath na gealaighe. "Tabhair é seo dhó ach tugadh sé aire mhaith dhó, ach bíodh sé annseo a'm-sa i mbárach ag a dó dhéag a chlog." Tháinig an buachaill ar ais ag Eoghan agus thug sé an filéad dó. Tháinigedar abhaile.

Maidin lá'r na bháireach chuireadar iad féin faoi réir agus d'imthigheadar 'un a bhóthair. Casadh an chailleach aríst dó agus thug sí ubhall dó. Nuair a chuaigh sé leath bealaigh bain sé greim as an ubhall agus thuit sé ina chrap codlata mar thuit sé cheana. D'imthigh an buachaill agus níor stop sé go ndeacha sé isteach 'un a' bhaile mhóir. Casadh an bhanríoghan óg agus d'fhiafrúigh sí de cé raibh Eoghan. D'innis sé duithe. "Tá sin déanta" ar sise, "ach seo filéad anois ar dhath na réalta dhuit agus tabhair dó é ach mara bhfágá seisean amach mise roimh lá 's bliain ní fheicfidh sé aon amharc go deo orm.

Tháinig sé go dtí Eoghan. Thug sé an filéad dó. Tháinigedar abhaile. D'innis sé dhó céard a bhí roimhe. "Dona go leor" arsa Eoghan.

D'eirigh sé maidin lá'r na bháirach. Chuaigh sé suas ag an gcaisleán agus líon sé a phócaí le ór. Bhí sé ag imtheacht agus ag síor-imtheacht gan fios aige cé raibh sé a' gul ar feadh bliana. Tháinig sé isteach ag seanbhean oidhche agus d'iarr sé lóisdín uirthé.

"Ceal nach bhfuil tú ag gul ag teach na bainse?" ar sise.

"Cén bhainis?" ar seisean.

“Ó inghean an rí atá le pósadh i mbárach le fear an-tsaidhbhir atá ins an áit seo. Tá cuireadh ag chuile ar an oileán a thigheacht ag an mbainis.”

“Ní ghabhfaidh mise ann” adeir Eoghan, “ach gabhfaidh mé a’ dearcadh ar a’ bpósadh.”

D’imthigh Eoghan ar maidin agus níor stop sé go ndeacha sé go dtí an teampull. Tháinig na cóistí uile go léireach agus nuair a bhíodar a’ tigheacht sgar Eoghan amach an naipcín a bhí ar dhath na gréine. Chuaidh an fear óg isteach ag an teampull chomh luath agus tháinig sé. Ní ghabhfadh an bhanrioghan óg isteach. Tháinig sé amach agus d’fiafruigh sé duithe céard a bhí dá coinneál.

“Ní ghabhfa mé isteach mara bhfágá an fear óg a leitheide seo d’filéad dhom.”

D’fiafruigh an fear óg d’Eoghan céard a cheannóch an filéad uaidh.”

“Ní dhíolfaidh mise ar airgead ar bith an filéad” ar seisean.

Ghabh sí isteach ina cóiste agus d’iompugheadar abhaile aríst. Lá’r na bhárach chuadar ‘un a bpósta aríst. Bhí an filéad a bhí ar dhath na gealaighe sgartha ag Eoghan ar an mballa rompa. Ní ghabhfadh sí isteach mara bhfuigheadh an fear óg filéad mar é duithe.

Ní dhearna siad ach dhul isteach ina cóiste agus filleadh abhaile. An tríomhadh lá chuadar ‘un a bpósta aríst. Bhí Eoghan rompa ar an mbealach agus an filéad ar dhath na réalta aige sgartha ar an mballa. Chomh luath agus chonnaic sí an filéad agus é sgartha ar na mballa tháinig sí amach as a’ gcóiste.

“Is fíor sin” ar sise, “ gabh isteach annseo i mo chóiste am-sa ar sise go dtuga mé abhaile thú go dtí teach m’athar.”

Thug sí abhaile go teach a hathar é agus leag sí na trí trí filéid anuas ar an mbord os coinne a hathar. “Seo é an fear a athair, anois” ar sise, “a shaothruigh mise agus seo iad na trí filéad a thug mise dhó le go bhfuighfeadh sé amach mé nuair a cuireadh an draoidheacht air féin. Taréis a fheabhas agus shaothruigh sé mé ní raibh aon fhághail aige go bráthach aige orm marach gur spáin sé na trí filéid dom.” Maidin lá’r na bhárach chuaidh sí féin agus Eoghan agus pósadh iad. Chrochadar an cóiste agus cheithre cinn de chaiple agus giománach leofa agus d’fhág siad slán agus beannacht ag an rí. Níor stop siad ariamh go dtainig siad isteach go dtí caisleán na bhfathach. Chuireadar fútha ann. Thugadar slí mhaith tógála don bhuachaill. Níor fhágadar an caisleán ariamh chúns mhaireadar. Chuireadar síos an citeal agus d’óladar tae agus mara raibh siad-san go maith tá súil agam go mbeidh muidhe – tá sé in am agat a bheith tuirseach sáruighthe faoi seo.

Tá mé chomh siúbhralta is go bhfuil mé annseo go bhfuil sé trí sgóir bhlianta ó chuala mé é sin. Is ag sean-fhear siubhail a chuala mé é.